Comhairle an
Aontais Eorpaigh

An Bhruiséil, 23 Bealtaine 2024
(OR. en)

10254/24

LIMITE

COPEN 277
JAI 865

PUBLIC

**NÓTA MAIDIR LE MÍR "I/A"**

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaíocht na Comhairle |
| chuig: | Coiste na mBuanionadaithe (Cuid 2)/An Chomhairle |
| Ábhar: | Conclúidí ón gComhairle maidir leis an gcomhar breithiúnach le tríú tíortha a neartú chun an choireacht eagraithe a chomhrac<br>– Formheas |

1. Mhol an Uachtaránacht dréacht le haghaidh sraith conclúidí ón gComhairle maidir le ‘comhar breithiúnach le tríú tíortha a neartú chun an choireacht eagraithe a chomhrac’. Scrúdaíodh an togra i Meitheal COPEN na Comhairle agus pléadh é freisin sa choiste ardleibhéil CATS. Rinneadh modhnú ar chúpla pointe den dréacht agus cuireadh bailchríoch air ansin in 10077/24.

2. Ós rud é nach ndearnadh aon agóid ina choinne roimh don spriocdháta dul in éag ar 10.00 Dé Céadaoin an 22 Bealtaine, tá an téacs críochnaitheach dearbhaithe ag na toscaireachtaí anois.

3. I bhfianaise an mhéid thuas, iarrtar ar Choiste na mBuanionadaithe an méid seo a leanas a dhéanamh:

   (a) a dhearbhú go n-aontaíonn siad le téacs na gConclúidí mar a leagtar amach san Iarscríbhinn a ghabhann leis an nóta seo iad.

   (b) a mholadh don Chomhairle na Conclúidí, mar a leagtar amach san Iarscríbhinn a ghabhann leis an nóta seo iad, a fhormheas.

**Conclúidí ón gComhairle**

**'An gháinneáil ar dhrugaí agus an choireacht eagraithe a chomhrac:**

**an comhar breithiúnach le tríú tíortha a neartú'**

PUBLIC

**Réamhrá**

**An tsaincheist ghinearálta**

a) Is bagairt mhór í an choireacht eagraithe agus an gháinneáil aindleathach ar dhrugaí, do shaoránaigh, do ghnólachtaí agus d'institiúidí na hEorpa, do gheilleagar na hEorpa agus do shlándáil na mBallstát freisin. Tá méadú ag teacht ar an úsáid a bhaineann grúpaí coireachta eagraithe as foréigean tromchúiseach, insíothlú an gheilleagair dhleathaigh agus éilliú, rud a chreimeann an smacht reachta agus a chuireann bunphrionsabail ár sochaithe daonlathacha i mbaol.

b) Is é is aidhm do Straitéis an Aontais chun dul i ngleic leis an gcoireacht eagraithe 2021-2025[1] forfheidhmiú an dlí agus an comhar breithiúnach a threisiú, dul i ngleic le struchtúir na coireachta eagraithe agus le coireanna ardtosaíochta, deireadh a chur le brabúis choiriúla agus a áirithiú go dtabharfaí freagairt nua-aimseartha ar fhorbairtí teicneolaíochta. Is iad Straitéis Drugaí an Aontais Eorpaigh 2021-2025 agus Plean Gníomhaíochta an Aontais Eorpaigh maidir le Drugaí 2021-2025 an creat polaitiúil uileghabhálach maidir leis an mbeartas drugaí. Is cur chuige fianaisebhunaithe, comhtháite, cothromaithe agus ildisciplíneach atá acu i ndáil le feiniméan na ndrugaí ar an leibhéal náisiúnta agus idirnáisiúnta agus ar leibhéal an Aontais. I ndoiciméad a eisíodh níos déanaí, an Teachtaireacht ón gCoimisiún maidir le treochlár an Aontais Eorpaigh chun gáinneáil ar dhrugaí agus an choireacht eagraithe a chomhrac[2], leagtar amach gníomhaíochtaí chun athléimneacht na mol lóistíochta a neartú, lena n-áirítear trí Chomhghuaillíocht na gCalafort Eorpach, maidir le líonraí coiriúla ardriosca a dhíchóimeáil agus maidir le comhar idirnáisiúnta.

[1] 8085/21 + ADD1
[2] 14114/23

c) Ar bhonn an chreata sin, agus i bhfianaise staid fhadhb na ndrugaí atá ag éirí níos tromchúisí i gcónaí, tá géarghá le gníomhaíochtaí éifeachtacha chun an choireacht eagraithe a bhaineann le drugaí a chomhrac, mar chuid d'iarracht chomhoibritheach ó Bhallstáit, institiúidí agus gníomhaireachtaí an Aontais, agus mar chuid de chur chuige ilghnéitheach. Tugtar aghaidh sna conclúidí seo ar na gnéithe de na gníomhaíochtaí sin a bhaineann leis an gcomhar breithiúnach le tríú tíortha a neartú.

**An comhar breithiúnach**

d) Téann an tionchar atá ag formhór na líonraí coiriúla is bagraí níos faide i gcéin ná an tAontas Eorpach. Tá an tionchar domhanda sin le sonrú ó bhallraíocht na líonraí coiriúla agus baill ó 112 thír i measc na 821 líonra coiriúil is bagraí[3]. Dá bhrí sin, tá an comhar breithiúnach le tríú tíortha ríthábhachtach chun go mbeifear in ann baill de líonraí coiriúla a ionchúiseamh agus a thabhairt os comhair na cúirte.

e) Tá an comhar breithiúnach le tríú tíortha forbartha go maith cheana féin, ar leibhéal na mBallstát agus ar leibhéal an Aontais araon. Ar leibhéal an Aontais, tá go leor uirlisí, fóram agus ionstraimí dlí ann cheana féin. Tá Eurojust, Oifig an Ionchúisitheora Phoiblí Eorpaigh agus an Gréasán Breithiúnach Eorpach in ábhair choiriúla, go háirithe, ag leathnú a rannpháirtíochta agus a gcomhpháirtíochtaí le tríú tíortha i gcónaí chun an comhar breithiúnach a éascú. Tá gá le bearta breise, laistigh de theorainneacha na gConarthaí, chun tuilleadh feabhais a chur ar an gcomhar breithiúnach le tríú tíortha chun an choireacht eagraithe a chomhrac. Ba cheart díriú ar líon teoranta tosaíochtaí chun torthaí a bhaint amach sa ghearrthéarma.

[3] Tuarascáil phoiblí Europol, *Decoding the EU's most threatening criminal networks*.



PUBLIC

f) Tá difríochtaí idir na bearta is féidir a dhéanamh ar leibhéal an Aontais agus ar an leibhéal náisiúnta chun an comhar breithiúnach in ábhair choiriúla a neartú ag brath ar an tríú tír lena mbaineann. Ar na gnéithe atá le cur san áireamh tá: an leibhéal comhair bhreithiúnaigh agus forfheidhmithe dlí atá ann cheana; an staid mar atá ó thaobh an smachta reachta agus cearta bunúsacha de, lena n-áirítear cosaint sonraí; staid an tríú tír mar thír thionscnaimh, idirthurais nó mar cheann scríbe d'íospartaigh agus maidir le hearraí a ndearnadh gáinneáil orthu; a mhéid is tír thionscnaimh í an tríú tír d'eagraíochtaí coiriúla atá gníomhach san Aontas; a mhéid a bhaineann daoine, a bhfuil amhras fúthu go bhfuil ról lárnach acu i ngníomhaíochtaí eagraíochta coiriúla, mí-úsáid as an tríú tír mar thearmann agus a mhéid a bhaineann siad tairbhe as gníomhaíochtaí coiriúla agus as fáltais choiriúla – tugtar spriocanna ardluacha orthu freisin. Gné eile a d'fhéadfaí a chur san áireamh is ea laigí suntasacha a bheith ann a chuireann le cumas na n-eagraíochtaí coiriúla airgead a sciúradh nó sócmhainní de thionscnamh neamhdhleathach a aistriú tríd an gcóras airgeadais. Ba cheart do na páirtithe leasmhara uile lena mbaineann measúnú a dhéanamh ar na bearta thíos, de réir a sainorduithe agus a n-inniúlachta faoi seach agus i gcomhréir le prionsabal an chomhair dhílis, i ndáil le gach tríú tír ar gá feabhas a chur ar an gcomhar breithiúnach léi. Ba cheart na bearta sin a chur chun feidhme ar bhealach solúbtha, agus na staideanna éagsúla agus an comhthéacs sonrach á gcur san áireamh.

g) I gcomhréir leis na Conarthaí, tá inniúlacht leathan ag na Ballstáit, ar bhonn déthaobhach, maidir lena chinneadh cad iad na huirlisí is éifeachtaí le haghaidh an chomhair bhreithiúnaigh in ábhair choiriúla le tríú tíortha. Tá formhór na mbeart a liostaítear thíos ann chun bearta a chomhlánú a ghlac na Ballstáit ar an leibhéal déthaobhach ina bplé le tríú tíortha i ndáil le comhar breithiúnach.

**Conclúidí ón gComhairle**

1. Leagann an Chomhairle béim ar an ngá leis an gcomhar breithiúnach le tríú tíortha in ábhair choiriúla a neartú mar iarracht ar an gcoireacht eagraithe a chomhrac. Sa chomhthéacs sin, cé go dtacaíonn sí le hiarrachtaí leanúnacha maidir le comhar breithiúnach le tríú tíortha i gcoitinne, measann an Chomhairle go bhfuil gá le tuilleadh oibre. Tá sé i gceist leis na bearta nua atá beartaithe ar leibhéal an Aontais na gníomhaíochtaí atá á ndéanamh cheana féin ag an Aontas agus gníomhaíochtaí atá déanta ag na Ballstáit go déthaobhach a chomhlánú agus a threisiú.

2. Ba cheart bearta nua a dhíriú ar thríú tíortha a mbeadh tairbhe ar leith le baint as iarrachtaí breise leo chun comhar breithiúnach a neartú i gcomhrac na coireachta eagraithe. Is féidir na tríú tíortha a shainaithint bunaithe ar chritéir ábhartha, mar shampla líon na 'spriocanna ardluacha'[4] atá lonnaithe i dtríú tíortha a chumhdaítear faoi hiarrataí ar chomhar breithiúnach (lena n-áirítear iarrataí ar eiseachadadh, iarrataí ar chúnamh frithpháirteach dlí agus iarrataí d'fhonn coigistiú a dhéanamh) **agus laigí suntasacha a bheith ann a chuireann le cumas na n-eagraíochtaí coiriúla airgead a sciúradh nó sócmhainní de thionscnamh neamhdhleathach a aistriú tríd an gcóras airgeadais** (dá ngairtear 'tríú tíortha tosaíochta' anseo feasta, chun críoch na gconclúidí seo).

3. Sa chomhthéacs sin, iarrann an Chomhairle ar Eurojust, i gcomhairle, i gcás inarb iomchuí, leis an nGréasán Breithiúnach Eorpach, le Europol agus le hOifig an Ionchúisitheora Phoiblí Eorpaigh, faisnéis a bhailiú agus a mheasúnú maidir leis na tíortha a ngabhann tábhacht ar leith le comhar treisithe leo chun an choireacht eagraithe a chomhrac, agus na torthaí a chur ar aghaidh chuig an gComhairle agus chuig an gCoimisiún lena bplé. Idir an dá linn, is féidir tús a chur leis an obair ar na bearta, a bhfuil tuairisc orthu thíos, bunaithe ar mheastóireacht ar na riachtanais a rinne gach Ballstát, an Coimisiún agus Eurojust. Ar an gcaoi sin, is fearr a bheifear in ann tosaíochtaí a chinneadh agus comhordú a dhéanamh amach anseo.

[4] Spriocanna ardluacha is ea na daoine aonair agus na heagraíochtaí coiriúla lena ngabhann an baol is mó go mbeidís páirteach i gcoireacht eagraithe thromchúiseach, Doiciméad Clársceidealaithe Europol 2024-2026, lch. 58.



PUBLIC

4. Iarrann an Chomhairle ar na Ballstáit, ar an gCoimisiún, ar Eurojust agus ar an nGréasán Breithiúnach Eorpach malartú taithí agus dea-chleachtas a eagrú idir saineolaithe ó na Ballstáit maidir le comhar breithiúnach le tríú tíortha tosaíochta. Beidh sé tábhachtach go dtabharfar cuireadh, ní hamháin d'ionchúisitheoirí agus, i gcás inarb infheidhme, do bhreithiúna imscrúdaitheacha agus d'oifigigh forfheidhmithe dlí, ach d'údaráis lárnacha freisin, chun páirt a ghlacadh sna cruinnithe sin. Tá sé tábhachtach go mbeadh solúbthacht ann freisin, ós rud é go bhfuil leibhéil éagsúla chomhair agus riachtanas ag na Ballstáit maidir le tríú tíortha sonracha.

5. Iarrtar ar na Ballstáit a áirithiú go ndéanfaidh údaráis na mBallstát, atá i láthair i dtríú tíortha tosaíochta agus a bhfuil ról acu maidir leis an gcomhar breithiúnach a éascú, mar shampla, ag brath ar eagrúchán gach Ballstáit, oifigigh idirchaidrimh, giúistísí idirchaidrimh nó ionadaíochtaí taidhleoireachta a spreagadh chun an taithí a fuair siad agus na dea-chleachtais a d'fhorbair siad le linn a gcomhair bhreithiúnaigh in ábhair choiriúla a chomhroinnt leis an tríú tír lena mbaineann agus, i gcás inarb iomchuí, cur chuige comhpháirteach maidir le cumarsáid a phlé le húdaráis na tíre sin. D'fhéadfaí na malartuithe sin a eagrú go neamhfhoirmiúil agus ar bhealach solúbtha, le rannpháirtíocht ionadaithe an Aontais i gcás inarb iomchuí.

6. Tá dlúthchomhar forbartha ag Eurojust le roinnt tríú tíortha. Ceann de na cineálacha comhair sin is ea ionchúisitheoirí idirchaidrimh a thabhairt ar iasacht ag Eurojust. Tá roinnt comhaontuithe comhair tugtha i gcrích cheana féin agus tá tuilleadh díobh á gcaibidil faoi láthair agus le tabhairt i gcrích ag an Aontas. Bhí toradh luachmhar ar an gcur chuige sin go dtí seo. D'fhéadfadh sé go mbeadh gá le hiarrachtaí breise i gcásanna a bhfuil údar oibríochtúil leo. Iarrtar ar Eurojust féachaint ar ghiúistísí idirchaidrimh a thabhairt ar iasacht, mar a fhoráiltear in Airteagal 53 de Rialachán (AE) 2018/1727, i gcásanna ar leith agus, i gcás inar féidir, laistigh de chur chun feidhme an bhuiséid.

7. Is fusa go mór an comhar sin a eagrú nuair is ann do chomhaontú idirnáisiúnta lena bhforáiltear do bhunús dlí le haghaidh comhar breithiúnach le tríú tíortha. Iarrtar ar na Ballstáit, ar SEGS agus ar an gCoimisiún aontachas tríú tíortha tosaíochta le coinbhinsiúin Chomhairle na hEorpa lena dtugtar an bunús dlí sin a chur chun cinn, go háirithe na coinbhinsiúin maidir le heiseachadadh agus maidir le cúnamh frithpháirteach dlí agus na prótacail a ghabhann leo. Ba cheart na haontachais a chur chun cinn i gcomhar le Comhairle na hEorpa.

8. Tá sé tábhachtach go mbeadh na hiarrachtaí taidhleoireachta ag oibriú as lámh a chéile ar mhaithe le comhar níos éifeachtaí le tríú tíortha tosaíochta. Áirítear leis sin a chinntiú go gcuirfear san áireamh mar is ceart saincheisteanna a bhaineann le comhar breithiúnach, go háirithe deacrachtaí maidir le cead eiseachadta a fháil, i bplé níos leithne idir an tAontas agus na tríú tíortha sin. Ar an gcúis sin:

a) Iarrtar ar an gCoimisiún, i gcomhairle le Eurojust agus, i gcás inarb iomchuí, le Europol agus le SEGS, pacáiste faisnéise a ullmhú agus a thabhairt cothrom le dáta go tráthrialta maidir le rannpháirtíocht le tríú tíortha tosaíochta, lena n-áirítear sonraí ábhartha i ndáil le leibhéal forfheidhmithe an dlí agus leibhéal an chomhair bhreithiúnaigh. Is féidir an pacáiste faisnéise sin a úsáid sna fóraim chomhair éagsúla, in idirphlé polaitiúil nó le haghaidh cuairteanna ó ionadaithe an Aontais. Ba cheart an pacáiste a chomhroinnt freisin leis na Ballstáit ar mhaithe lena dteagmhálacha féin leis an tríú tír lena mbaineann.

b) Iarrtar ar an gCoimisiún agus ar na Ballstáit idirphlé tiomnaithe ‘Foireann na hEorpa’ a eagrú, i gcás inarb iomchuí, le tríú tíortha tosaíochta, agus ionadaithe ardleibhéil ón gCoimisiún agus ó na Ballstáit ábhartha i láthair, chun plé sonrach a dhéanamh ar conas feabhas a chur ar an gcomhar breithiúnach ar gach taobh.

9. Is sraith straitéisí iad na bearta a bhfuil tuairisc orthu thuas le haghaidh comhar breithiúnach le tríú tíortha atá le húsáid ar bhealach solúbtha agus in imthosca sonracha (lena n-áirítear an staid ó thaobh neamhspleáchas na mbreithiúna, chearta an duine agus cosaint sonraí de). Tá an tsraith straitéisí sin thar a bheith úsáideach i gcomhthéacs na n-iarrachtaí breise chun an comhar breithiúnach le tríú tíortha tosaíochta a fheabhsú agus a threisiú, i gcomhar le hiarrachtaí forfheidhmithe dlí. Tá an tsraith straitéisí ábhartha freisin i gcomhthéacs níos leithne an chomhair bhreithiúnaigh le tríú tíortha i gcoitinne agus is sa chomhthéacs sin is ceart í a chur san áireamh.

PUBLIC